TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
RIMVYDAS NORKUS
arna tabhairt an 30 Eanáir 2025[1]

Cás C-364/23 P

ZR

v

Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh

(Achomharc – Státseirbhís – Aistriú idirinstitiúideach – Iarraidh ar aistriú faoi Airteagal 8 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, arna cur isteach mar fhreagairt ar fhógra folúntais – Diúltú don iarraidh sin – Tionchar an oird tosaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 29(1) de na Rialacháin Foirne – Earráid dlí)

1. Tugann an cás seo deis anailís a dhéanamh ar an bhfadhb, atá ag croílár an achomhairc a rinneadh i gcoinne bhreithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 29 Márta 2023, *ZR* v *EUIPO* (T-400/21, 'an breithiúnas atá faoi achomharc', EU:T:2023:169), a bhaineann le soghluaisteacht idirinstitiúideach agus, go háirithe, leis an ngaol idir na forálacha a bhaineann, ar an gcéad dul síos, leis an iarraidh ar oifigeach a aistriú tar éis dó a bheith ar iasacht chuig institiúid eile de chuid an Aontais[2] agus, ar an dara dul síos, leis an nós imeachta atá le leanúint chun poist fholmha laistigh den institiúid sin a líonadh.

I. An dlí lena mbaineann

2. Cinntear creat dlíthiúil na caingne seo leis na forálacha seo a leanas de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 (IO 2013 L 287, lch. 15) ('na Rialacháin Foirne'), sa leagan is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí.

3. Foráiltear le hAirteagal 4 de na Rialacháin Foirne:

'Ní dhéanfar aon cheapachán ná ardú céime chun aon chríche seachas folúntas a líonadh mar a fhoráiltear sna Rialacháin Foirne seo.

Déanfar aird fhoireann na hinstitiúide sin a tharraingt ar aon fholúntas in institiúid a luaithe a chinnfidh an t-údarás ceapacháin gur cheart an post a líonadh.

[1] Bunteanga: an Fhraincis.

[2] Tuigtear le haon tagairt d'institiúid sa Tuairim seo gur tagairt í do chomhlachtaí eile de chuid an Aontais freisin.

Mura féidir an folúntas a líonadh trí aistriú, trí cheapachán chuig post i gcomhréir le hAirteagal 45a nó trí ardú céime, cuirfear foireann na n-institiúidí eile ar an eolas faoi, agus/nó eagrófar comórtas inmheánach.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4. Foráiltear le hAirteagal 8 de na Rialacháin Foirne:

'Féadfaidh an t-oifigeach atá ar iasacht d'institiúid eile de chuid an Aontais Eorpaigh iarratas a dhéanamh, ag deireadh tréimhse 6 mhí, ar aistriú chuig an institiúid sin.

Má thoilíonn institiúid tionscnaimh an oifigigh agus an institiúid a bhfuil sé ar iasacht chuici araon leis an aistriú, measfar gur chaith an t-oifigeach a ghairmréim seirbhíse ar fad san Aontas sa dara hinstitiúid sin. Ní bhfaighidh sé de bhua an aistrithe sin aon cheann de na sochair airgeadais atá oifigeach i dteideal a fháil faoi na Rialacháin Foirne seo ar fhoirceannadh seirbhíse le ceann d'institiúidí an Aontais.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5. Foráiltear le hAirteagal 29(1) de na Rialacháin Foirne:

'Sula ndéanfaidh sé folúntas in institiúid a líonadh, déanfaidh an t-údarás ceapacháin breithniú, ar dtús, ar na nithe seo a leanas:

(a) i dtaobh cibé acu an féidir nó nach féidir an folúntas a líonadh:

   (i) trí aistriú, nó

   (ii) trí cheapachán i gcomhréir le hAirteagal 45a, nó

   (iii) trí ardú céime

   laistigh den institiúid;

(b) i dtaobh cibé acu an bhfuarthas nó nach bhfuarthas iarrataí le haghaidh aistriú ó oifigigh den ghrád céanna in institiúidí eile, agus/nó

(c) murarbh fhéidir an follúntas a líonadh trí na féidearthachtaí a luaitear i bpointe (a) agus i bpointe (b), i dtaobh cibé acu ar chóir nó nár chóir liostaí d'iarrthóirí oiriúnacha a bhreithniú de réir bhrí Airteagal 30, i gcás inarb iomchuí, agus na forálacha ábhartha maidir le hiarrthóirí oiriúnacha in Iarscríbhinn III á gcur san áireamh agus/nó

(d) i dtaobh cibé acu ar chóir nó nár chóir comórtas a reáchtáil laistigh den institiúid, ar comórtas é nach mbeidh oscailte ach amháin d'oifigigh agus d'fhoireann shealadach mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh;

   nó an nós imeachta le haghaidh comórtas a leanúint ar bhonn cáilíochtaí nó trialacha, nó ar bhonn cáilíochtaí agus trialacha araon. […]

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6. Foráiltear le hAirteagal 110(1) de na Rialacháin Foirne:

‘Glacfaidh údarás ceapacháin gach institiúide na forálacha ginearálta lena gcuirfear na Rialacháin Foirne seo chun feidhme tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Foirne agus leis an gCoiste um Rialacháin Foirne.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

II. Cúlra

7. Is féidir achoimre a dhéanamh ar chúlra na díospóide, mar atá leagtha amach ag an gCúirt Ghinearálta i míreanna 2 go 13 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, mar seo a leanas.

8. Tugadh an t-achomharcóir, oifigeach de ghrád AD 5 sa Choimisiún Eorpach, ar iasacht d’Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), arna iarraidh sin di, i gcomhréir le hAirteagal 39 de na Rialacháin Foirne, le héifeacht ón 16 Meán Fómhair 2013. Chomhlíon sí a cuid dualgas, ar an gcéad dul síos, mar chúntóir maoine intleachtúla mar chomhalta den fhoireann shealadach faoi Airteagal 2(a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh agus ansin, mar speisialtóir maoine intleachtúla, mar chomhalta den fhoireann shealadach de ghrád AD 6 ón 1 Márta 2019.

9. An 10 Márta 2020, sheol EUIPO, go hinmheánach, glao ar léiriú spéise, d’fhonn baill foirne atá tugtha ar iasacht do EUIPO (‘an glao ar léiriú spéise’) a cheapadh mar oifigigh de chuid EUIPO, *inter alia*, i gcomhthéacs an chleachtaidh aistrithe bhliantúil (‘an cleachtadh aistrithe bliantúil’). Luadh sa ghlao sin go raibh sé oscailte do gach próifíl ghairmiúil, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le maoin intleachtúil. Shonraigh EUIPO ann go ndéanfadh an t-údarás ceapacháin (‘an t-údarás ceapacháin’) anailís ar na hiarratais a cuireadh isteach agus leasanna na seirbhíse á gcur san áireamh agus i bhfianaise critéar amhail: (i) príomhphoist nó eolas laistigh de EUIPO, (ii) gairmréim agus feidhmíocht laistigh de EUIPO, (iii) deiseanna sa phlean bunaíochta, (iv) tionchar buiséadach, agus (v) an fad atá fágtha den chonradh nó an tréimhse bhailíochta atá fágtha ag na painéil.

10. Thug an t-achomharcóir freagra ar an nglao ar léiriú spéise laistigh den teorainn ama a forordaíodh, is é sin an 31 Márta 2020, agus rinne sí iarratas ar aistriú chuig EUIPO i gcomhréir le hAirteagal 8 de na Rialacháin Foirne. Luaigh sí gur chomhlíon sí na critéir sin agus go rachadh a haistriú féideartha chun leasa sheirbhís EUIPO.

11. An 28 Aibreán 2020, d’fhoilsigh EUIPO fógra folúntais IM/FT&TA/20/47/AD/OD dírithe ar oifigigh nó ar bhaill foirne shealadacha de ghrád AD 5 go AD 8, d’fhonn post mar speisialtóir maoine intleachtúla a líonadh (‘an folúntas’).

12. An 12 Bealtaine 2020, chuir an t-achomharcóir a iarratas isteach mar fhreagairt ar an bhfógra folúntais sin. Le ríomhphost an lae chéanna, a seoladh chuig an údarás ceapacháin, thagair an t-achomharcóir don fhógra folúntais sin agus, ar bhonn Airteagal 90(1) de na Rialacháin Foirne, d'iarr sí go n-aistreofaí í chuig EUIPO, i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 29 de na Rialacháin Foirne ('an iarraidh atá i gceist').

13. Le cinneadh an 8 Meán Fómhair 2020, dhiúltaigh an t-údarás ceapacháin don iarraidh atá i gceist ('an cinneadh atá faoi chonspóid').

14. An 5 Samhain 2020, d'fhostaigh EUIPO ball foirne sealadach a roghnaíodh tar éis fógra earcaíochta seachtrach a fhoilsiú d'fhonn painéal iarrthóirí a thiomsú, agus chuaigh sé i mbun seirbhíse an 1 Nollaig 2020.

15. An 8 Nollaig 2020, thaisc an t-achomharcóir gearán faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne i gcoinne an chinnidh atá faoi chonspóid, ar diúltaíodh dó le cinneadh an 22 Márta 2021 ('an cinneadh lenar diúltaíodh don ghearán').

III. Na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas atá faoi achomharc

16. Le hiarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 2 Iúil 2021, thionscain an t-achomharcóir caingean le haghaidh neamhniú an chinnidh atá faoi chonspóid agus, a mhéid is gá, an chinnidh lenar diúltaíodh don ghearán.

17. Mar thaca lena caingean, d'ardaigh sí trí shaincheist dlí, lena n-éilítear (i) sárú ar Airteagail 4, 8, 27, 29 agus 110 de na Rialacháin Foirne agus ar phrionsabail an leanúnachais gairme, an bhreithnithe ar thuillteanais chomparáideacha oifigigh an Aontais agus na trédhearcachta, (ii) sárú ar phrionsabal na córa comhionainne, agus (iii) sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua agus ar an dualgas aird a thabhairt ar leas na n-oifigeach, as a n-eascraíonn earráid fhollasach mheasúnaithe ar chothromaíocht na leasanna lena mbaineann.

18. Leis an mbreithiúnas atá faoi achomharc, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta do na trí shaincheist dlí sin agus, dá bhrí sin, don chaingean ina hiomláine. Go háirithe, maidir leis an gcéad foras achomhairc, chinn an Chúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, maidir leis an iarraidh atá i gceist, nár mhór, i bhfianaise na gcritéar a bhaineann leis an bhfoclaíocht, leis an ábhar agus leis an gcomhthéacs ina ndearnadh í, an iarraidh sin a aicmiú mar 'iarraidh ar aistriú' de réir bhrí Airteagal 8(1) de na Rialacháin Foirne. Ina dhiaidh sin, mheas sí, nach bhféadfaí iarraidh den sórt sin a bhaineann le haistriú idirinstitiúideach a mheas, de bharr a cineáil, mar iarraidh lena bhféachtar le folúntas a líonadh a bhí ina ábhar d'fhógra folúntais. Ar deireadh, chinn an Chúirt nár ceanglaíodh ar EUIPO, agus an t-iarratas sin á scrúdú aige, Airteagal 29(1)(b) ná Airteagal 4 de na Rialacháin Foirne a chur san áireamh, a mhéid a bhaineann an dá fhoráil sin, dar léi, le folúntais a fhógairt d'fhoireann na n-institiúidí eile amháin. De réir na Cúirte Ginearálta, bhí an chéad saincheist dlí de chuid an achomharcóra gan bhunús agus neamhéifeachtach i bpáirt, a mhéid a bhain leis na hagóidí a bhain leis an gcleachtadh aistrithe bliantúil.

19. Maidir leis an dara agus an tríú saincheist dlí, chinn an Chúirt Ghinearálta, ar an gcéad dul síos, go raibh staid an achomharcóra dochomparáide nó éagsúil leo siúd dá dtagraítear ina hargóintí. In aon chás, níor chiallaigh scrúdú a hiarratais, arna dhéanamh lasmuigh den

chleachtadh aistrithe bliantúil, go ndeonaíonn na húdaráis riaracháin é. Ar an dara dul síos, bhí an cinneadh atá faoi chonspóid réasúnaithe go leor, saor ó aon earráid fhollasach mheasúnaithe agus glacadh é i gcomhréir leis an dualgas aird a thabhairt ar leas na n-oifigeach.

IV. Nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais agus argóintí na bpáirtithe

20. Lena achomharc, iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní, a dhearbhú go bhfuil sé inghlactha agus go bhfuil bunús maith leis an ordú atá á lorg i gCás T-400/21 agus, dá bhrí sin,

– an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní nó, ina éagmais sin, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh breithiúnais; agus

– a ordú do EUIPO na costais a íoc.

21. Áitíonn EUIPO gur cheart don Chúirt Bhreithiúnais:

– an t-achomharc a dhíbhe ina iomláine toisc é a bheith do-ghlactha go follasach agus, mar mhalairt air sin, toisc é a bheith gan bhunús; agus

– a ordú don achomharcóir na costais arna dtabhú sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus sna himeachtaí seo a íoc.

22. I gcomhréir le hAirteagal 76(2) dá Rialacha Nós Imeachta, chinn an Chúirt dul ar aghaidh gan éisteacht.

V. Anailís

23. Mar thaca lena achomharc, maíonn an t-achomharcóir trí fhoras achomhairc. I gcomhréir le hiarraidh na Cúirte, díreofar sa Tuairim seo ar an gcéad dá cheann. Is gá, áfach, sula ndéanfar anailís ar fhiúntas na bhforas achomhairc sin, scrúdú a dhéanamh ar an amhras maidir le hinghlacthacht an achomhairc seo arna tharraingt anuas ag EUIPO.

A. Inghlacthacht

24. Déanann EUIPO agóid i gcoinne inghlacthacht an achomhairc seo ar an bhforas nach léiríonn sé go beacht na heilimintí den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, nach bhfuil argóintí dlíthiúla ann mar thaca lena fhorais achomhairc, nach bhfuil sé comhleanúnach agus sothuigthe go leor agus, dá bhrí sin, nach n-iarrtar leis ach athscrúdú a dhéanamh ar an iarratas a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Ginearálta. Measann sé go bhfuil an t-achomharc ina iomláine bunaithe ar mhíléiriú líomhnaithe ar an iarratas atá i gceist. Trí argóint den sórt sin a dhéanamh, féachann an t-achomharcóir le hábhar na díospóide a athrú trí fhéachaint, den chéad uair os comhair na Cúirte Breithiúnais, le hargóintí nár ardaigh sí os comhair na Cúirte Ginearálta a ardú.

25. Maíonn an t-achomharcóir go bhfuil a achomharc inghlactha.

26. I ndáil leis sin, ní aontaím le tuairim EUIPO go bhfuil an t-achomharc seo do-ghlactha ina iomláine. Is é is aidhm don achomharc seo agóid a dhéanamh i gcoinne sheasamh na Cúirte Ginearálta sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, ina leagtar amach na forais achomhairc agus na hargóintí dlíthiúla lena bhféachann an t-achomharcóir leis an seasamh sin a thabhairt faoi cheist. Go háirithe, líomhnaíonn sí go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus go ndearna sí na fíorais a shaobhadh, a ardaíodh trí ghnéithe agus míreanna an bhreithiúnais sin a ainmniú go sonrach. Ba cheart a lua freisin, i gcás ina ndéanann páirtí agóid i gcoinne léiriú nó chur i bhfeidhm dhlí an Aontais ag an gCúirt Ghinearálta, mar is amhlaidh sa chás seo, maidir le forálacha éagsúla den Reacht, gur féidir, ar ndóigh, ceisteanna dlí a scrúdaíodh os comhair na cúirte sin a tharraingt anuas arís sna himeachtaí achomhairc,[3] mura rud é gur baineadh brí de chuid na n-imeachtaí achomhairc.

27. Ní fheictear dom go bhfuil maíomh EUIPO maidir le do-ghlacthacht na 'príomhargóinte' san achomharc a bhaineann leis an míléiriú líomhnaithe ar iarraidh an achomharcóra áititheach ach oiread. Mar is léir ó phléadálacha i scríbhinn an achomharcóra arna dtaisceadh os comhair na Cúirte Breithiúnais, maíonn an t-achomharcóir go ndearna an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, an fhianaise sa chomhad a shaobhadh agus, dá bhrí sin, go ndearna sí earráid dlí in aicmiú dlíthiúil an iarratais atá i gceist agus sna conclúidí ar bhain sí astu. Tá ceisteanna den sórt sin, mar sin, faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt Bhreithiúnais ar achomharc.[4]

28. Thairis sin, is fíor, faoi Airteagal 170(1) de na Rialacha Nós Imeachta, nach bhféadfaidh achomharc ábhar na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a athrú agus go bhfuil dlínse na Cúirte Breithiúnais, i gcomhthéacs achomhairc, teoranta d'athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí dlí maidir leis na pléadálacha a áitítear os comhair na Cúirte Ginearálta.[5] Mar sin féin, is léir ón iarratas os comhair na Cúirte Ginearálta gur chuir an t-achomharcóir i gcoinne mainneachtain a hiarratas ar fholúntas a scrúdú, ar soiléiríodh a aicmiú dlíthiúil sa bhreithiúnas atá faoi achomharc. Tá agóid á déanamh in aghaidh an dara ceann acu sin anois, áfach, i gcomhthéacs an achomhairc sin os comhair na Cúirte Breithiúnais. Dá bhrí sin, murab ionann agus an méid a mhaíonn EUIPO, ní féidir a mheas go n-athraíonn 'príomhargóint' an achomharcóra ábhar na díospóide os comhair na Cúirte Breithiúnais.

29. Dá bhrí sin, measaim nach bhfuil inghlacthacht an achomhairc ná a 'phríomhargóint' inchurtha in amhras. Is gá, dá bhrí sin, leanúint den anailís dhlíthiúil ar na tuillteanais.

B. Na tuillteanais

1. Barúlacha comhthéacsúla

30. Sula dtabharfaidh mé aghaidh ar an anailís ar na forais achomhairc a leagtar amach thuas, ba mhaith liom roinnt réamhbharúlacha a thabhairt maidir leis an gcomhthéacs, atá riachtanach chun tuiscint cheart a fháil ar an gceist atá os comhair na Cúirte sa chás seo.

[3] Breithiúnas an 13 Iúil 2000, *Salzgitter* v *an Coimisiún*, (C-210/98 P, EU:C:2000:397 mír 43).

[4] Féach, breithiúnais an 28 Eanáir 2021, *Qualcomm agus Qualcomm Europe* v *an Coimisiún* (C-466/19 P, EU:C:2021:76, mír 42 agus an cásdlí dá dtagraítear), agus, chuige sin, an 28 Iúil 2011, *Diputación Foral de Vizcaya agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (C-474/09 P go C-476/09 P, EU:C:2011:522, mír 58).

[5] Féach breithiúnas an 10 Iúil 2019, *VG* v *an Coimisiún* (C-19/18 P, EU:C:2019:578, mír 51 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31. I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú go ndearna an t-achomharcóir dhá iarratais, mar a thuairiscítear i míreanna 10 agus 12 den Tuairim seo. Dá bhrí sin, tagann an cheist chun cinn maidir leis an ngaol idir roinnt nósanna imeachta atá fite fuaite sa chás seo, eadhon (i) iarratas ar fhógra folúntais, i gcomhréir leis na rialacha atá le comhlíonadh chun folúntais a líonadh, a leagtar síos in Airteagal 29(1) de na Rialacháin Foirne, (ii) iarraidh ar aistriú idirinstitiúideach tar éis oifigeach a thabhairt ar iasacht d'institiúid óstach, de réir bhrí Airteagal 8(1) de na Rialacháin Foirne, agus (iii) an cleachtadh aistrithe bliantúil, ar nós imeachta *sui generis*, inmheánach agus sonrach é do EUIPO ('an nós imeachta *sui generis*'), nach bhforáiltear dó sna Rialacháin Foirne, mar is léir ó na doiciméid atá os comhair na Cúirte Breithiúnais. [6]

32. É sin ráite, níor glacadh an cinneadh, as ar eascair an chaingean os comhair na Cúirte Ginearálta, ach amháin i bhfianaise an dara hiarraidh, a thuairiscítear i mír 12 den Tuairim seo, as a leanann, go bunúsach, gur chinn an t-údarás ceapacháin gan scrúdú a dhéanamh ar iarratas an achomharcóra ar an bhfógra folúntais ar an bhforas, go bunúsach, nár díríodh é chuig an achomharcóir, oifigeach de chuid institiúid eile de chuid an Aontais. Mar sin féin, rinne an t-údarás ceapacháin anailís ar an dara hiarraidh sin mar iarraidh ar aistriú de réir bhrí Airteagal 8(1) de na Rialacháin Foirne, ar bhonn na gcritéar a d'eascair as an gcleachtadh aistrithe bliantúil, [7] ar fhormheas an Chúirt Ghinearálta a dhlíthiúlacht sa bhreithiúnas atá faoi achomharc.

33. I ndáil leis sin, áfach, is deacair a thuiscint, ar an gcéad dul síos, ar cheart a mheas go bhféadfaí an fógra folúntais a dhíriú chuig an achomharcóir [8] agus, ar an dara dul síos, an raibh gaol idir an iarraidh ar aistriú de réir bhrí Airteagal 8(1) de na Rialacháin Foirne agus an cleachtadh aistrithe bliantúil de chineál a thabharfadh údar le cur i bhfeidhm na gcritéar a d'eascair as an gcleachtadh sin agus anailís á déanamh ar an iarraidh sin, go háirithe ós rud é gur tíolacadh an iarraidh sin lasmuigh de chomhthéacs an chleachtaidh sin. [9] Is trua liom go háirithe an easpa soiléireachta maidir leis an dá ghné sin agus tost na Cúirte Ginearálta ina leith sin sa bhreithiúnas atá faoi achomharc.

34. Mar sin féin, in ainneoin an mhearbhaill a eascraíonn as sin, rud a chuireann go mór leis an anailís dhlíthiúil ar an gcás seo, ba cheart an anailís sin a dhéanamh mar seo a leanas.

2. An chéad fhoras achomhairc

35. Lena chéad fhoras achomhairc, ina bhfuil trí chuid, ardaíonn an t-achomharcóir gearáin a bhaineann leis an idirghníomhaíocht idir Airteagail 4, 8, 27, 29 agus 110 de na Rialacháin Foirne sa chás seo.

[6] Maidir leis an nós imeachta deireanach sin, go sonrach, tuigim, ón ábhar atá sa chomhad, go gcuimsíonn sé, seachas an nós imeachta dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 8 de na Rialacháin Foirne, atá dírithe ar oifigigh an Aontais Eorpaigh amháin, ní hamháin na hoifigigh eile a léiríonn spéis san aistriú, ach freisin baill foirne ar conradh agus sealadacha agus daoine atá ar painéal na hOifige Eorpaí um Roghnú Foirne (EPSO). Thairis sin, is éard atá i gceist leis an nós imeachta sin comparáid a dhéanamh idir iarrthóirí a bhfuil a bpróifílí agus a gcásanna riaracháin éagsúil, de réir na gcritéar a thuairiscítear i mír 9 den Tuairim seo, chun a chinneadh cé acu díobh is dócha a cheapfar mar oifigigh EUIPO agus na poist a fhorchoimeádtar chun na críche sin sa bhuiséad, a fhéadfar a líonadh tríd an nós imeachta inmheánach sin amháin, gan fógra folúntais a fhoilsiú.

[7] Féach mír 9 den Tuairim seo.

[8] Chun gach críche, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar is léir ón bhfógra folúntais atá i gceist, nár luadh ann aon fhoráil de na Rialacháin Foirne a fheidhmíonn mar bhunús dlí, ach nár tagraíodh inti ach do 'shoghluaisteacht inmheánach'. Os comhair na Cúirte Ginearálta, chuir an t-achomharcóir i gcoinne na ngnéithe sin den tuairim sin, ag cur leis, in aon chás, mar chomhalta d'fhoireann shealadach EUIPO, go bhféadfadh sí iarratas a dhéanamh ar an bhfolúntas lena mbaineann.

[9] I gcomhthéacs an achomhairc seo (féach míreanna 61 go 69 den Tuairim seo), féachann an t-achomharcóir le seasamh na Cúirte Ginearálta a chur ó bhail go raibh a hargóintí i gcoinne bhunús dlí an chleachtaidh aistrithe bhliantúil agus chur i bhfeidhm na gcritéar a d'eascair as an gcleachtadh sin arna iarraidh sin di gan bhunús nó neamhábhartha, agus ar an gcaoi sin ag maíomh gur ghá scrúdú a dhéanamh ar a hiarratas chun críocha an fholúntais fhoilsithe agus ag féachaint dá fiúntas.

36. Is i gcomhthéacs an fhorais achomhairc sin, agus go háirithe i gcomhthéacs na chéad choda de, go mbeidh gá le hanailís a dhéanamh ar an tsaincheist atá i gceist sa chás seo, eadhon ar chinn an Chúirt Ghinearálta i gceart, ar an gcéad dul síos, aicmiú dlíthiúil an iarratais atá i gceist agus, ar an dara dul síos, ar tháinig na hiarmhairtí dlíthiúla as an aicmiú sin.

(a) An chéad chuid den chéad fhoras achomhairc

37. I gcomhthéacs na chéad choda den chéad fhoras achomhairc, áitíonn an t-achomharcóir go bhfuil earráid dlí ag baint le conclúid na Cúirte Ginearálta, a bhaineann le haicmiú an iarratais atá faoi chonspóid agus leis na conclúidí a baineadh as sa bhreithiúnas atá faoi achomharc.[10] Measann sí nach rialaítear dhá nós imeachta ar leith le hAirteagail 8 agus 29 de na Rialacháin Foirne. Ní féidir Airteagal 8 de na Rialacháin Foirne a léiriú mar thagairt do chás gan folúntas, ós rud é go mbeadh cur chuige den sórt sin contrártha ní hamháin d'fhoclaíocht Airteagal 4 de na Rialacháin Foirne, ach do chuspóir Airteagail 4 agus 29 de na Rialacháin Foirne freisin. Is gá folúntas a bheith ann ar féidir an t-oifigeach a aistriú chuige, ós rud é nach n-aistrítear é nó í leis an bpost atá aige nó aici san institiúid tionscnaimh, go háirithe ós rud é nach mór foráil a dhéanamh do na poist éagsúla i mbuiséad gach institiúide óstaigh. Maíonn an t-achomharcóir freisin gur bhain an Chúirt Ghinearálta míbhrí as an bhfianaise sa chomhad agus, go háirithe, as foclaíocht iarbhír an iarratais atá i gceist, trína mheas gur iarraidh ar aistriú a bhí ann de réir bhrí Airteagal 8(1) de na Rialacháin Foirne.

38. Sa chás seo, iarrfar ar an gCúirt Bhreithiúnais a chinneadh an raibh an Chúirt Ghinearálta i dteideal cur i bhfeidhm comhchéimneach, *inter alia*, Airteagal 8 agus Airteagal 29(1) de na Rialacháin Foirne a eisiamh, trína chinneadh nach féidir le hiarraidh ar aistriú idirinstitiúideach, de réir bhrí Airteagal 8(1) de na Rialacháin Foirne sin, baint dhíreach a bheith aici le folúntas sonrach atá faoi réir fógra folúntais.[11]

39. I mo thuairimse, ní mór idirdhealú absalóideach a dhéanamh idir réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta,[12] go háirithe i míreanna 60 go 64 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar dá réir go bhfuil iarratas ar aistriú idirinstitiúideach tar éis oifigeach a thabhairt ar iasacht, de réir bhrí Airteagal 8(1) de na Rialacháin Foirne, agus na rialacha lena rialaítear na féidearthachtaí chun poist fholmha a líonadh, *inter alia*, trí iarratas ar aistriú idirinstitiúideach, de réir bhrí Airteagal 29(1) de na Rialacháin Foirne, curtha ó bhail mar gheall ar earráid dlí ar na cúiseanna a leagfaidh mé amach thíos. Go sonrach, a mhéid is cosúil go ndearna an t-idirdhealú sin difear, ón tráth a rinneadh aicmiú dlíthiúil ar an iarratas atá i gceist, do réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta ina hiomláine, feictear dom go bhfuil sé níos iomchuí tús a chur leis an anailís seo trí fhiúntas an idirdhealaithe sin a scrúdú, sula dtugtar aghaidh ar an aicmiú sin fiú.

40. I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, sa chéad áit, go gcuirtear cosc leis an léiriú téacsúil ar Airteagal 8 agus ar Airteagal 29(1) de na Rialacháin Foirne ar an idirdhealú absalóideach a rinne an Chúirt Ghinearálta sa bhreithiúnas atá faoi achomharc. Dá bhrí sin, ní leagtar síos le hAirteagal 8 de na Rialacháin Foirne aon teorannú a bhaineann leis an bhféidearthacht oifigigh a aistriú ar bhonn, *inter alia*, Airteagal 29(1)(b) de na Rialacháin Foirne.

[10] Féach mír 18 den Tuairim seo.

[11] Mír 61 agus an chéad fhleasc de mhír 63 den bhreithiúnas atá faoi achomharc.

[12] Tá an réamhleagan a bhaineann leis an idirdhealú leagtha amach cheana féin i mír 39 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, roimh aicmiú dlíthiúil an iarratais atá faoi chonspóid agus rinneadh tuilleadh forbartha air ansin i míreanna 60 go 64 den bhreithiúnas sin, tar éis an aicmithe chéanna sin.

41. Maidir le hAirteagal 29(1) de na Rialacháin Foirne, baineann an fhoráil sin leis na féidearthachtaí sonracha scrúdaithe a dhéanfaidh an t-údarás ceapacháin chun folúntais a líonadh, eadhon aistriú, ceapachán i gcomhréir le hAirteagal 45a de na Rialacháin Foirne nó ardú céime laistigh den institiúid, aistriú idirinstitiúideach, agus an nós imeachta roghnúcháin bunaithe ar scrúdú ar na liostaí d'iarrthóirí oiriúnacha agus ar an gcomórtas.

42. Dá bhrí sin, is léir ó fhoclaíocht Airteagal 29(1) de na Rialacháin Foirne go mbunaítear leis an bhforáil sin an t-ord tosaíochta a bheidh le comhlíonadh ag an údarás ceapacháin agus folúntais á líonadh, tosaíocht á tabhairt d'oifigigh atá ag fónamh san institiúid cheana féin, ansin d'oifigigh institiúidí eile, agus iarrthóirí á gcur ar liostaí na n-iarrthóirí oiriúnacha ina dhiaidh sin agus, ar deireadh, d'iarrthóirí i gcomhthéacs comórtais eagraithe.[13] Dá bhrí sin, ní féidir a dhíospóid, i gcomhréir leis an bhforáil dheireanach sin, nach mór don údarás ceapacháin scrúdú cúramach a dhéanamh ar na hiarratais arna gcur isteach faoin ord tosaíochta a leagtar síos leis an bhforáil sin.[14]

43. Sa dara háit, leis an léiriú *comhthéacsúil* ar Airteagal 8 agus ar Airteagal 29(1) de na Rialacháin Foirne, cuirtear cosc freisin ar an idirdhealú arna dhéanamh ag an gCúirt Ghinearálta maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha sin. Ba cheart a mheabhrú go bhfuil Airteagal 8, atá i dTeideal I, ina chuid d'fhorálacha ginearálta na Rialachán Foirne, mar a léirítear ina theideal. Maidir le hAirteagal 29, tagann sé faoi Chaibidil I, dar teideal 'Earcaíocht', de Theideal III, dar teideal 'Gairmréim an oifigigh'.

44. É sin ráite, measaim, mar a chuir an tAbhcóide Ginearálta Kokott in iúl cheana féin,[15] go bhfuil sé beartaithe go mbeidh feidhm ag forálacha ginearálta na Rialachán Foirne go cothrománach i ngach réimse de dhlí na seirbhíse sibhialta Eorpaí. Is féidir é sin a dheimhniú leis an gcásdlí.[16] Dá bhrí sin, tugtar le tuiscint le cineál ginearálta na forála dá dtagraítear le hAirteagal 8(1) de na Rialacháin Foirne, maidir le hiarraidh ar aistriú ó oifigeach tar éis dó a bheith ar iasacht, gur cheart an fhoráil sin a léamh i gcomhar le hAirteagal 29(1) de na Rialacháin Foirne, maidir leis na féidearthachtaí sonracha chun post a líonadh sna hinstitiúidí óstacha ar an gcéad dul síos agus, ar an dara dul síos, maidir leis an ord tosaíochta atá le comhlíonadh chun na críche sin.

45. Bheadh sé d'éifeacht ag léiriú contrártha, mar a leanas, go háirithe, ó mhíreanna 62 agus 63 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar dá réir nach féidir le hiarraidh ar aistriú arna tíolacadh ar bhonn Airteagal 8(1) de na Rialacháin Foirne baint dhíreach a bheith aici le folúntas sonrach

[13] Bhí an chonclúid sin ceangailteach ó bhreithiúnas an 18 Márta 1999, *Carbajo Ferrero* v *an Pharlaimint* (C-304/97 P, EU:C:1999:152, míreanna 29 agus 30 chomh maith leis an gcásdlí dá dtagraítear). Is fíor gur tugadh an breithiúnas sin ag tagairt don leagan bunaidh d'Airteagal 29(1) de na Rialacháin Foirne, inar leagadh síos ord tosaíochta láidir d'oifigigh agus seirbhísigh eile a bhí ag fónamh san institiúid cheana féin, a mhéid a fhoráiltear le pointí (a) agus (b) de, sa chéad áit, do na féidearthachtaí maidir le hardú céime nó aistriú laistigh den institiúid agus, sa dara háit, don fhéidearthacht comórtais inmheánacha don institiúid a eagrú, agus ina dhiaidh sin, sa tríú háit amháin, trí scrúdú a dhéanamh ar iarrataí ar aistriú ó oifigigh institiúidí eile. Mar sin féin, níl an chonclúid a bhaineann leis an ord tosaíochta, arna bhunú leis an mbreithiúnas sin, níos láidre ach amháin tar éis an leagain nua d'Airteagal 29(1) de na Rialacháin Foirne is infheidhme sa chás seo, a chuireann, sa chéad áit, oifigigh na hinstitiúide lena mbaineann agus, sa dara háit, oifigigh na n-institiúidí eile, agus béim á leagan ar an tosaíocht a thugtar d'oifigigh, agus scrúdú á dhéanamh acu ar a sannadh féideartha do phost folamh, agus ina dhiaidh sin amháin na féidearthachtaí chun scrúdú a dhéanamh ar liostaí na n-iarrthóirí oiriúnacha nó chun comórtas inmheánach a eagrú.

[14] Mar sin féin, ciallaíonn úsáid an fhocail 'deiseanna' in Airteagal 29(1) de na Rialacháin Foirne nach bhfuil an t-údarás ceapacháin faoi cheangal iomlán (breithiúnas an 13 Iúil 2000, *an Pharlaimint* v *Richard* (C-174/99 P, EU:C:2000:412, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[15] Seasamh an Abhcóide Ghinearálta Kokott in *an Coimisiún Athbhreithniúcháin* v *Strack* (C-579/12 RX-II, EU:C:2013:573, mír 30).

[16] Féach, maidir le cur i bhfeidhm comhthráthach Airteagail 4, 29 agus Airteagal 7, a mhéid a bhaineann sé le 'aistriú' na Rialachán Foirne, breithiúnas an 24 Feabhra 1981, *Carbognani agus Coda Zabetta* v *an Coimisiún* (161/80 agus 162/80, EU:C:1981:51, mír 19) agus, maidir le cur i bhfeidhm comhthráthach Airteagail 4 agus 29 de na Rialacháin Foirne, breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 1986, *R.* v *an Coimisiún* (75/85, EU:C:1986:347, mír 18).

arna fhoilsiú ag an údarás ceapacháin, teorainn a chur leis na féidearthachtaí d'oifigigh ar iasacht iarratas a dhéanamh ar phoist shonracha, cé nach bhfuil teorainn den sórt sin ann d'oifigigh nach bhfuil ar iasacht. In ionad ceart breise aistrithe a thabhairt d'oifigigh ar iasacht, déantar a gceart a theorannú mar thoradh ar an airteagal sin, mar a léirigh an Chúirt Ghinearálta é. Ó thaobh na *teileolaíochta* de, tá amhras orm go bhféadfadh sé sin a bheith ar intinn ag reachtas an Aontais.

46. Ní mheasaim ach an oiread go bhfuil bonn cirt le hargóint na Cúirte Ginearálta go n-eisiafaí oifigigh ón nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 29(1)(b) de na Rialacháin Foirne mar gheall ar an ngá atá ag an údarás ceapacháin an rogha a leathnú thar na féidearthachtaí a thairgtear le hAirteagal 29(1)(a) de na Rialacháin Foirne [17] trí shoghluaisteacht oifigigh an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn, chomh maith le leasanna na seirbhíse. [18] Tuigim nach gcuirfeadh aistriú oifigigh ar iasacht, tar éis a iarratais faoi Airteagal 8(1) de na Rialacháin Foirne, acmhainní daonna breise ar fáil don institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann maidir le fostú daoine nach bhfuil ag obair cheana féin san institiúid chéanna, mar a luaitear i mír 43 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, agus dá bhrí sin, go bhféadfadh leas a bheith ann teorainn a chur leis an bhféidearthacht atá ag oifigigh ar iasacht iarratas a dhéanamh ar fholúntais faoi Airteagal 29(1)(b) de na Rialacháin Foirne.

47. Mar sin féin, dá gcuirfí an méid sin san áireamh, chiallódh sé go mbeadh tosaíocht ag leas na seirbhíse maidir lena foireann a leathnú trí dhul i muinín oifigigh atá ag obair in institiúidí eile ar an gcuspóir daoine ar an gcaighdeán is airde cumais, éifeachtúlachta agus ionracais [19] a earcú toisc go gceilfeadh sé ar oifigeach atá ar iasacht an fhéidearthacht a bheith ann an t-údarás ceapacháin a chur ina luí ar na cáilíochtaí sin i ndáil le hoifigigh nach bhfuil ar iasacht. Dá bhrí sin, chuirfeadh an foráil sin teorainn le rogha údaráis ceapacháin, in ionad é a leathnú.

48. Ar deireadh, ó thaobh na praiticiúlachta de, maidir leis an léiriú ar dá réir nach féidir le hiarraidh ar aistriú idirinstitiúideach, de réir bhrí Airteagal 8(1) de na Rialacháin Foirne, baint dhíreach a bheith aici le folúntas sonrach is ábhar d'fhógra folúntais, bheadh an baol ann go mbainfí gach éifeacht phraiticiúil den fhéidearthacht aistrithe dá bhforáiltear san fhoráil sin.

49. I ndáil leis sin, feictear dom nach bhfuil aon loighic ag baint leis an eisiamh, go háirithe, ó chur i bhfeidhm comhchéimneach Airteagail 8 agus 29 de na Rialacháin Foirne, arna gcinneadh ag an gCúirt Ghinearálta. Mura mbaineann an iarraidh ar aistriú le folúntas atá faoi réir fógra folúntais, cé chuige a n-aistreofaí an t-oifigeach atá i gceist? [20] Ina theannta sin, tá an baol ann go gcuirfí eisiamh den sórt sin i gcoinne srianta buiséadacha a mhéid nach mór foráil chúramach a dhéanamh maidir le gach post ar a bhfuil poist bhuana déanta ag na húdaráis bhuiséadacha laistigh de gach institiúid de chuid an Aontais i liosta de na poist a chuirtear i gceangal leis an roinn den bhuiséad a bhaineann leis sin. [21] Mar a thugann an t-achomharcóir le fios, mar is ceart, ní aistrítear oifigeach chuig an institiúid óstach leis an bpost atá acu san institiúid tionscnaimh. Is é sin le rá, ní fhéadfar oifigeach a aistriú chuig institiúid óstach ach amháin má fhoráiltear do phost buan folamh atá le líonadh agus má chomhlíontar rialacha na Rialachán Foirne.

[17] Mír 60, an dara fleasc, den bhreithiúnas atá faoi achomharc.

[18] Mír 61 den bhreithiúnas atá faoi achomharc.

[19] Airteagal 27 de na Rialacháin Foirne.

